Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Samhain 2025
(OR. en)

13505/25

CDR 73

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta malartach, arna mholadh ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, de Choiste na Réigiún – Glacadh

1. An 29 Meán Fómhair 2025[1], i litir uaidh, thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh Alske Rebekka FRETER, comhalta malartach de Choiste na Réigiún, ag éirí as oifig.

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

[1] 13359/25.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhalta a chur in ionad Alske Rebekka FRETER, mhol rialtas na Gearmáine[2] Jennifer JASBERG, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach í agus a bhfuil aici sainordú toghchánach in údarás réigiúnach, *Mitglied der Hamburgischen Bürgerschaft* (comhalta Pharlaimint Stáit Hamburg), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n- aontaíonn sé le téacs an Chinnidh, mar a leagtar amach in 13503/25 é, agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

---

[2] 13163/25.